2024/1354

15.5.2024

CINNEADH (CBES) 2024/1354 ÓN gCOMHAIRLE

an 14 Bealtaine 2024

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1143 maidir le misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/1143 ([1]) maidir le misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc).

(2) An 6 Márta 2024, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála i gcomhthéacs an athbhreithnithe straitéisigh ar EUTM Mhósaimbíc gur cheart síneadh a chur leis an misean go dtí an 30 Meitheamh 2026.

(3) An 16 Aibreán 2024, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála thairis sin gur cheart don Mhisean aistriú de réir a chéile, idir mí an Mheithimh agus mí Mheán Fómhair 2024, chuig samhail cúnaimh ina dtugtar comhairle, meantóireacht agus oiliúint speisialaithe le chéile chun tacú le haonaid Fhórsa Mearfhreagartha (QRF) fhórsaí armtha Mhósaimbíc agus, dá bhrí sin, gurb é ba cheart a thabhairt air feasta Misean Cúnaimh Mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh i Mósaimbíc (EUMAM Mozambique).

(4) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2021/1143 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1143 mar a leanas:

(1) ón 1 Meán Fómhair 2024, cuirtear ‘Misean Cúnaimh Mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh i Mósaimbíc (EUMAM Mhósaimbíc)’ in ionad an teidil ‘maidir le Misean le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc)’; in Airteagal 1(1) cuirtear ‘Stiúrfaidh an tAontas Misean Cúnaimh Mhíleata i Mósaimbíc (EUMAM Mhósaimbíc)’ in ionad na foclaíochta ‘Stiúrfaidh an tAontas misean le haghaidh oiliúint mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc)’ agus, ar fud an téacs, cuirtear ‘EUMAM Mhósaimbíc’ in ionad an ainm ‘EUTM Mhósaimbíc’;

(2) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Go dtí an 31 Lúnasa 2024, is é an cuspóir straitéiseach a bheidh ag EUTM Mhósaimbíc tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt acmhainneachta na n-aonad sin d’fhórsaí armtha Mhósaimbíc a roghnófar chun Fórsa Mearfhreagartha (QRF) a chur le chéile amach anseo, chun na hacmhainneachtaí riachtanacha agus inbhuanaithe a fhorbairt chun sábháilteacht agus slándáil a athbhunú in Cabo Delgado.’;

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

‘3. Chuige sin, go dtí an 31 Lúnasa 2024, déanfaidh EUTM Mhósaimbíc an méid seo a leanas:’;

(c) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘3a. Ón 1 Meán Fómhair 2024, is é an cuspóir straitéiseach a bheidh ag EUMAM Mozambique cúnamh a thabhairt do Mhósaimbíc an cumas a fhorbairt agus a chothú chun aonaid QRF arna gcur faoi oiliúint ag EUTM Mhósaimbíc a ullmhú agus a úsáid go neamhspleách agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le timpeallacht shábháilte shlán do mhuintir Cabo Delgado.

([1]) IO L 247, 13.7.2021, lch. 93.

3b. Chun na críche sin, ón 1 Meán Fómhair 2024, déanfaidh EUMAM Mozambique an méid seo a leanas:

(a) meantóireacht agus comhairle a chur ar fáil d'fhórsaí armtha Mhósaimbíc chun tacú le timthriall oibríochtúil inbhuanaithe QRF, go háirithe trí mheantóireacht agus comhairle a chur orthu maidir le pleanáil oibríochtúil, lóistíocht agus cothabháil;

(b) faireachán a dhéanamh ar oiliúint athghiniúna QRF agus ar úsáid agus cothabháil an trealaimh arna sholáthar ag beart cúnaimh de chuid an Aontais, chun cur leis an éifeachtacht oibríochtúil, le hinbhuanaitheacht na bhfórsaí agus le comhlíonadh an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine;

(c) oiliúint speisialaithe a chur ar fáil do QRF, go háirithe sna réimsí seo a leanas: cothabháil trealaimh, comhar sibhialta-míleata (CIMIC), cur i gcoinne gairis phléascacha seiftithe, an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, agus saincheisteanna inscne.

3c. Imeoidh an misean ón gcuspóir straitéiseach agus ó na cúraimí a leagtar amach i míreanna 2 agus 3, de réir a chéile idir an 1 Meitheamh 2024 agus an 1 Meán Fómhair 2024, agus aistreoidh go dtí an cuspóir straitéiseach agus na cúraimí a leagtar amach i míreanna 3.a agus 3.b.';

(3) in Airteagal 10, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'3. EUR 14 100 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chostais choiteanna an Mhisin don tréimhse go dtí an 30 Meitheamh 2026. Is é a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha sin dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509 0 % le haghaidh gealltanas agus 0 % le haghaidh íocaíochtaí.';

(4) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Tiocfaidh deireadh leis an Misean an 30 Meitheamh 2026.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Bealtaine 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

V. VAN PETEGHEM